C/2024/6020

23.10.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Digiteáil an fhuinnimh: cothromaíocht a aimsiú idir deiseanna agus rioscaí do thomhaltóirí na hEorpa

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/6020)

Rapóirtéir: **Kęstutis KUPŠYS**

Comhairleoir	Marine CORNELIS (thar ceann an rapóirtéara)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	15.2.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise
Dáta a glactha sa rannóg	21.6.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	11.7.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	589
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	187/2/1

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Tá deiseanna ollmhóra ag baint le huirlisí digiteacha, go háirithe chun táirgeadh, solúbthacht ar thaobh an éilimh agus dícharbónú na hearnála fuinnimh a éascú. Mar sin féin, tá an baol ann go mbeidh sé níos casta fós do thomhaltóirí beaga fuinnimh, amhail teaghlaigh agus micreaghnólachtaí agus gnólachtaí beaga, margaí fuinnimh a oibriú agus a thuiscint de dheasca na n-uirlisí sin, agus iad ina margaí atá thar a bheith casta cheana féin. Ba cheart an fuinneamh a bheith inacmhainne, inchoigeartaithe agus éasca le húsáid i gcónaí. Ba cheart an rogha a bheith ag tomhaltóirí i gcónaí praghsanna, conarthaí agus seirbhísí custaiméara a roghnú mar a dhéanaidís sular tháinig an digiteáil chun cinn.

1.2. Ní mór tús áite a thabhairt do chibearshlándáil shonraí na n-úsáideoirí. Cuireann an digiteáil leis an ngá atá le rialacháin dhinimiciúla maidir le cosaint tomhaltóirí a chruthú a bheidh curtha in oiriúint do chomhthéacsanna nua agus do rannpháirtithe nua san earnáil. Ní gá gurb iad na rannpháirtithe nua sin na 'gnáthghníomhaithe' san earnáil fuinnimh ná ní gá go ndéanfaidís teagmháil dhíreach leis na tomhaltóirí.

1.3. Ní mór a chinntiú nach mbeadh digiteáil na gcóras fuinnimh chun dochair do na grúpaí is leochailí inár sochaithe, go háirithe iad siúd atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh nó leis an deighilt dhigiteach cheana féin. Os a choinne sin, tá sé ríthábhachtach coimircí cuntasachta a áirithiú i measc na bpáirtithe leasmhara éagsúla agus cothrom iomaíochta a áirithiú. Tá ról lárnach ag gníomhaithe agus údaráis áitiúla maidir leis an deighilt dhigiteach a dhúnadh.

1.4. Cé gur féidir le huirlisí intleachta saorga agus teicneolaíochtaí mórleabhar dáilte tacú le hobair rialtóirí, comhlachtaí um réiteach malartach díospóidí agus eagraíochtaí tomhaltóirí trí phatrúin agus easnaimh i gcur chun feidhme agus i bhforfheidhmiú chearta na dtomhaltóirí a shainaithint, níl na huirlisí sin gan locht. Ba cheart an teidlíocht a bheith ann i gcónaí do thomhaltóirí go ndéanfadh duine formhaoirseacht ar chúrsaí digiteála, chun cleachtais na ngníomhaithe fuinnimh agus digiteacha a sheiceáil agus faireachán a dhéanamh orthu.

1.5. Chun go mbainfidh tomhaltóirí fíorthairbhe as an mbainistiú a dhéantar ar an éileamh ar fhuinneamh, ní mór dóibh treallamh agus bonneagar cumarsáide a shuiteáil, amhail méadair chliste agus fearais tí nasctha. Ní mór na huirlisí sin a bheith inacmhainne le ceannach agus le húsáid, inbhuanaithe agus deartha ar bhealach agus gur cuireadh leas an úsáideora san áireamh ina iomláine. Molann CESE cur chuige cothrom a ghlacadh lena ndíreofar ar dhearadh cuimsitheach agus inrochtana, agus lena gcomhlánófar soláthar uirlisí digiteacha atá níos forbartha agus, de réir dealraimh, níos costasaí, trí bhearta a thabhairt isteach chun gur fearr a bheidh fios a ngnó ag teaghlaigh maidir le cúrsaí éifeachtúlachta fuinnimh.

1.6. Ba cheart oiliúint a chur fáil d'oibrithe, lena n-áirítear trí Acadaimh Ghlan-nialasachta, ar cheart iadsan a sheoladh a luaithe ab fhéidir agus a chur chun cinn i measc na bpáirtithe leasmhara uile, agus béim á leagan ar scileanna éifeachtúlachta fuinnimh.

1.7. Ós é CESE ionadaí na sochaí sibhialta eagraithe ar leibhéal an Aontais, ba cheart cuireadh a thabhairt dó páirt a ghlacadh i meithleacha agus cruinnithe comhchéime maidir le rialachas na gcóras fuinnimh cliste a luaitear thuas. Thar gach rud eile, tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún dlús a chur leis na hiarrachtaí chun Grúpa Saineolaithe an Aontais Eorpaigh um an bhFuinneamh Cliste a sheoladh.

2. **Cúlra**

2.1. I dteachtaireacht a foilsíodh in 2022 ([1]), leag an Coimisiún Eorpach an staid reatha san earnáil fuinnimh amach agus mhol sé bealaí chun tús áite a thabhairt do thomhaltóirí teaghlaigh agus iad a chur i lár na n-iarrachtaí chun an córas fuinnimh a dhigiteáil. D'eisigh an Coiste an tuairim chomhfhreagrach in 2023 ([2]).

2.2. Tugadh roinnt leideanna sa teachtaireacht maidir leis an gcaoi le cearta tomhaltóirí a chosaint agus réimse an fhuinnimh agus réimse na digiteála á gcumasc le chéile. Tá príomhról ag rialáil ghinearálta an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí ina leith sin, ach is fíor freisin go mbaineann saincheisteanna eile le digiteáil na hearnála fuinnimh. Mar shampla, cuireann gné dhigiteach lena chasta atá réimse an fhuinnimh, agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh na huirlisí a forbraíodh don ré 'analógach' oiriúnach don fheidhm ([3]) atá leo sa ré digiteach. Cosnaítear cearta na dtomhaltóirí faoi chreat dlíthiúil an Aontais, ach 'bíonn a chur chun feidhme mall', de réir mar a chuirtear in iúl sa teachtaireacht.

2.3. Maidir le cosaint tomhaltóirí, tá roinnt céimeanna sa treo ceart glactha ag an gCoimisiún Eorpach cheana féin, mar shampla rinne sé gníomh cur chun feidhme a ghlacadh in 2023 chun an rochtain ar shonraí méadraithe agus tomhaltais a fheabhsú ([4]). Tá sé fós le feiceáil cé chomh rathúil agus atá tionscnaimh den sórt sin ar leibhéal an Aontais agus cé chomh daingean agus a bheidh táimhe na hearnála 'traidisiúnta' fuinnimh. Tá deiseanna nua gnó ag teacht chun cinn ach, má táthar chun cos a choinneáil leis an athrú ag an luas atá ag teastáil, is den ríthábhacht é scileanna a fhorbairt: ar an gcéad dul síos, tá lucht saothair oilte de dhíth ar an Eoraip chun gairis dhigiteacha a chur i bhfearas. Ar an dara dul síos, tá sé ríthábhachtach faisnéis chuimsitheach a chur ar fáil agus oideachas a chur ar thomhaltóirí teaghlaigh agus ar ghnólachtaí beaga maidir leis an gcaoi leis an leas is fearr a bhaint as na deiseanna uile a ghabhann leis an digiteáil. Tá sé tábhachtach a aithint gur earnáil thar a bheith casta í an earnáil fuinnimh agus gur féidir leis a bheith deacair í a thuiscint fiú do thomhaltóirí a bhfuil leibhéal áirithe saineolais acu.

2.4. Foilsíodh staidéir agus páipéir bheartais iomadúla ina dtugtar léargas ar conas leas a bhaint as an digiteáil chun tomhaltóirí a chosaint agus a chumhachtú. Tagraíonn na coincheapa a chuirtear chun cinn agus na heochairfhocail a úsáidtear i staidéir den sórt sin do chosaint sonraí agus cumhachtú tomhaltóirí, eangacha agus méadair chliste, comhroinnt fuinnimh agus trádáil idir piaraí, freagairt don éileamh, cathracha cliste agus foirgnimh chliste, luchtú cliste agus tuilleadh nach iad. Glactar leis go forleathan gur mó na deiseanna ná na rioscaí.

2.5. Tá sé d'aidhm ag CESE cur leis an díospóireacht leanúnach trí dhíriú ar an gcaoi a bhféadfaí todhchaí ní ba chuimsithí a chruthú le gníomhaíochtaí sochaíocha i gcórais dhigiteacha agus fuinnimh, todhchaí ina mothódh gach duine slán agus ina mbainfeadh teaghlaigh tairbhe as teicneolaíochtaí núíosacha. Tá sé ag éirí níos tábhachtaí taobh (éileamh) an tomhaltóra a dhigiteáil i bhfianaise an aistrithe ghlais, toisc go gcuirfeadh sé sin ar chumas tomhaltóirí tuiscint ní b'fhearr a fháil ar an tionchar a bhíonn acu ar an aistriú fuinnimh agus páirt ghníomhach a ghlacadh ann: d'fhéadfaidís tairbhe a bhaint as dinimic na margaí fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, fuinneamh in-athnuaite a úsáid, agus cleachtais neamhthuilleamaíochta fuinnimh a chur chun feidhme.

3. **Deiseanna a dhéanamh de láidreachtaí**

3.1. I dtimpeallacht earnáil fuinnimh na hEorpa atá ag athrú go tapa, tá idir bhuntáistí agus mhíbhuntáistí ag baint le teacht chun cinn na digiteála. Ar thaobh amháin, cinntíonn sí leibhéil éifeachtúlachta nár baineadh amach riamh roimhe, déantar na tomhaltóirí a chumhachtú, agus réitítear an bealach i dtreo todhchaí fuinnimh inbhuanaithe. Le hardeangacha cliste, sonraí fíor-ama maidir le húsáid fuinnimh (rud a spreagann glacadh níos leithne na freagartha don éileamh ar leibhéal an teaghlaigh), agus córais bainistíochta fuinnimh atá bunaithe ar an intleacht shaorga, is féidir an chaoi a mbíonn tomhaltóirí ag plé le córais fuinnimh nua-aimseartha a athrú go hiomlán ó bhonn, a riachtanais fuinnimh a réamh-mheas agus an chaoi a n-úsáidtear fuinneamh a mhionchoigeartú. Faoi láthair, tá moill ar rolladh amach na réiteach sin i roinnt mhaith Ballstát, rud a chuireann cosc ar fhreagairtí iomchuí don bhochtaineacht fuinnimh agus ar chomhtháthú rianúil táirgeoirí is tomhaltóirí agus pobal fuinnimh san eangach.

([1]) COM(2022) 552 final.
([2]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún — An córas fuinnimh a dhigiteáil — plean gníomhaíochta an Aontais (IO C 184, 25.5.2023, lch. 93).
([3]) Cothroime dhigiteach – seiceáil oiriúnachta ar dhlí tomhaltóirí an Aontais.
([4]) Commission adopts new implementing act to improve access to metering and consumption data.

3.2. D'fhéadfadh na nuálaíochtaí sin rochtain ar fhuinneamh a dhaonlathú, costais a laghdú, agus rannchuidiú nach beag a dhéanamh le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Is mór an deis atá ag saoránaigh agus gnólachtaí an Aontais na teicneolaíochtaí nua atá ar fáil cheana a fhiosrú agus a ghlacadh ós rud é, sa chomhthéacs domhanda, go bhfuil an mhór-roinn seo againne sách forbartha ó thaobh nascacht dhigiteach, rochtain ar eangacha agus leibhéal ginearálta feasachta i measc na dteaghlach de.

3.3. Gabhann buntáistí eile le digiteáil an fhuinnimh chomh maith: ní hamháin go bhféadfadh sí cuidiú le foinsí in-athnuaite fuinnimh dul i bhfód ar an margadh agus feabhas a chur ar athléimneacht na heangaí, ach d'fhéadfadh sí gnóthachain eacnamaíocha a chruthú do thomhaltóirí, comhtháthú sóisialta a mhéadú agus bochtaineacht fuinnimh a laghdú. Ar an iomlán, feabhsaíonn an digiteáil comhtháthú agus idirghníomhaíocht i measc páirtithe leasmhara éagsúla, rud a chuireann ar chumas tomhaltóirí rochtain níos fearr a fháil ar acmhainní áitiúla agus in-athnuaite fuinnimh agus tairbhí níos fearr a bhaint astu.

3.4. Tá ról ríthábhachtach ag eangacha cliste agus ag an digiteáil i ndícharbónú an fhuinnimh. Mar shampla, fágann siad gur féidir bainistiú níos éifeachtúla a dhéanamh ar acmhainní fuinnimh, éascaíonn siad comhtháthú fuinnimh in-athnuaite, agus barrfheabhsaíonn tomhaltas, go háirithe trí bhíthin anailísíocht sonraí fíor-ama agus uathoibriú. Is féidir le heangacha cliste cobhsaíocht agus iontaofacht na heangaí a fheabhsú trí fhreagairt go huathoibríoch d'athruithe ar an gcóras. Is uirlis iontach iad na heangacha a chuireann go mór leis an mbonneagar atá ann cheana ionas gur féidir dúshláin a shárú, cuir i gcás roinnt de na dúshláin sin a bhaineann le rochtain ar fhuinneamh, leis an mbochtaineacht fuinnimh agus leis an athrú aeráide ([5]). Le himeacht ama, is féidir le huirlisí digiteacha costais oibríochtúla agus fuinnimh a laghdú trí éifeachtúlacht an chórais a fheabhsú agus tríd an mbrú a bhaineann le huaireanta buaicéilimh a laghdú.

3.5. Leis an digiteáil, is féidir faireachán a dhéanamh ar tháirgeadh agus ar thomhaltas fuinnimh i bhfíor-am, a bhuí go háirithe le huathoibriú na hintleachta saorga, Idirlíon na Rudaí Nithiúla (IoT, lena n-áirítear IoT comhoibríoch) agus anailís sonraí. Tá sé sin riachtanach chun an soláthar agus an t-éileamh a chothromú gan dul i muinín foinsí fuinnimh a bhfuil lorg ard carbóin acu. Is féidir le huirlisí digiteacha feabhas a chur ar athléimneacht na gcóras fuinnimh in aghaidh cur isteach fisiciúil agus cur isteach sa chibearspás trí chumais mhearfhreagartha a sholáthar. Cé go bhfuil an claochlú digiteach taobh thiar de shamhlacha gnó agus seirbhísí nuálacha san earnáil fuinnimh, amhail comhbhailitheoirí, níor cheart a ligean i ndearmad gur seirbhís riachtanach é an fuinneamh agus nach mór an rochtain air a bheith ina ceart poiblí i gcónaí.

3.6. Is féidir le huirlisí digiteacha sonraí mionsonraithe maidir le húsáid fuinnimh a chur ar fáil do thomhaltóirí, rud a chuireann ar a gcumas cinntí eolacha a dhéanamh faoina bpatrúin tomhaltais. Tá ról ag an digiteáil freisin sa chaidreamh idir tomhaltóirí agus fóntais (oibreoirí córais dáileacháin, soláthróirí, agus comhbhailitheoirí), mar shampla maidir le conarthaí a shíniú agus seirbhísí do chustaiméirí a sholáthar.

3.7. Is féidir le huirlisí digiteacha tacú freisin leis an gcinnteoireacht chun beartais a dhréachtú a dtugtar tuilleadh airde iontu ar an úsáideoir, go háirithe pleananna gníomhaíochta maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh. Ní foláir prótacail chumarsáide agus comhroinnte sonraí a chur ar bun idir oibreoirí córais dáileacháin / idir soláthróirí agus údaráis le haghaidh sonraí faoin tomhaltas fuinnimh chun tacú le húsáideoirí leochaileacha a shainaithint agus, ar an gcaoi sin, tacaíocht fuinnimh spriocdhírithe a chur ar fáil, go háirithe dóibh siúd a mbaineann bochtaineacht fholaithe fuinnimh dóibh.

3.8. A bhuí le huirlisí digiteacha agus teicneolaíochtaí cliste, d'fhéadfadh an tsolúbthacht ar thaobh an éilimh bille leictreachais theaghlaigh an Aontais a laghdú faoi bhreis agus EUR 71 bhilliún in aghaidh na bliana faoi 2030 ([6]). Trí bhearta cuimsitheacha solúbthachta ar thaobh an éilimh a dhearadh, is féidir sochair dhíreacha iomadúla a chur ar fáil do phobail leochaileacha. Níor cheart é a bheith casta ná strusmhar páirt a ghlacadh sna bearta sin, níor cheart aon chomhghéilleadh a bheith iontu a mhéid a bhaineann le compord agus folláine, agus ba cheart iad a bheith comhtháite le bearta maidir le cosaint praghsanna agus tacaíocht shóisialta. Más uainn an tsolúbthacht ar thaobh an éilimh a chur chun feidhme go rathúil, tá sé thar a bheith tábhachtach gur rud í a dhéanfadh na tomhaltóirí a chumhachtú, a laghdódh costais fuinnimh agus a chuirfeadh le héifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht fhoriomlán an chórais fuinnimh.

3.9. Tá roinnt gairis dhigiteacha shofaisticiúla ann a bhféadfadh a mhalairt d'éifeacht a bheith acu agus 'an ruaig a chur ar thomhaltóirí', seachas borradh a chur faoi rannpháirtíocht tomhaltóirí, toisc an iomarca roghanna nach bhfuil riachtanach a bheith ag gabháil leo. Mímhuinín a d'fhéadfadh a bheith ina toradh ar phrólaiféarú na n-uirlisí agus ar na costais arda a bhaineann leis na gairis sin a cheannach agus a úsáid. Molann CESE cur chuige cothrom a ghlacadh lena ndíreofar ar dhearadh cuimsitheach agus inrochtana, agus lena gcomhlánófar soláthar uirlisí digiteacha atá níos forbartha agus, de réir dealraimh, níos costasaí, trí bhearta a thabhairt isteach chun gur fearr a bheidh fios a ngnó ag teaghlaigh maidir le cúrsaí éifeachtúlachta fuinnimh. Molann an Coiste freisin nós imeachta maidir le seiceálacha iniúchóireachta a chur ar bun chun a chinntiú go n-urramófar an prionsabal thuasluaite.

3.10. Cuirtear i bhfáth i rún P8_TA(2018)0373 ó Pharlaimint na hEorpa maidir le teicneolaíochtaí mórleabhar dáilte agus blocshlabhraí go bhféadfadh na huirlisí sin na saoránaigh a chumhachtú trí rialú sonraí a chur chun cinn, costais idirbheart a laghdú, agus cúrsaí trédhearcachta a fheabhsú ([7]). Trí theicneolaíocht mórleabhar dáilte a chur in ionad bunachair sonraí láraithe laga, d'fhéadfadh a thuilleadh muiníne a bheith ag na tomhaltóirí nach n-athrófaí na sonraí Is fíor sin freisin maidir le haon chineál sonra a mheasaimid a bheith tábhachtach agus a léiríonn iompar tomhaltóirí agus oibleagáidí conarthacha nó seach-chonarthacha, amhail sonraí maidir le táirgeadh, tomhaltas, seirbhísí gaolmhara fuinnimh *etc.*

([5]) https://www2.deloitte.com/xe/en/pages/energy-and-resources/articles/distribution-grid-investment-to-power-energy-transition.html.
([6]) https://smarten.eu/wp-content/uploads/2022/09/SmartEN-DSF-benefits-2030-Report_DIGITAL.pdf.
([7]) https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-8-2018-0373_EN.pdf.

3.11. Tá cuma iontach maith ar an teicneolaíocht mórleabhar dáilte go háirithe i gcomhthéacs na comhroinnte fuinnimh agus na bpobal fuinnimh, agus is léir a úsáidí atá sí don trádáil idir piaraí. Ba cheart dea-chleachtais maidir le trédhearcacht i réimse an rialachais agus maidir le húsáid éifeachtúil na teicneolaíochta mórleabhar dáilte a chur chun cinn i measc an domhain acadúil, soláthraithe teicneolaíochta agus grúpaí tomhaltóirí trí mheán ardáin malartaithe eolais agus grúpaí saineolaithe.

4. **Laigí sistéamacha a réiteach agus bagairtí a bhainistiú**

4.1. Ar an taobh eile den scéal, tá rioscaí suntasacha ag baint leis an digiteáil chomh maith. Úinéireacht sonraí, ceannasacht, ábhair imní maidir le rialachas agus príobháideachas, sábháilteacht, slándáil agus cibirionsaithe a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh an bhonneagair fuinnimh de, bealaí éalaithe, easpa forfheidhmithe, agus an deighilt dhigiteach a d'fhéadfadh pobail leochaileacha a fhágáil ar lár – is saincheisteanna iad sin go léir nach foláir a mhaolú.

4.2. Tá an digiteáil casta agus costasach. Is minic a bhíonn gá le hinfheistíocht shuntasach tosaigh i mbonneagar agus in oiliúint chun teicneolaíochtaí digiteacha a chur chun feidhme. Cuireann córais dhigiteacha lena chasta a bhíonn sé fuinneamh a bhainistiú, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le pointí nua teipe.

4.3. Meastar faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga go bhfuil ardriosca ag baint le bonneagar fuinnimh, mar a shonraítear go sainráite in Iarscríbhinn III den Ghníomh. Má bhíonn córais fuinnimh róspleách ar theicneolaíochtaí digiteacha, is féidir iad a bheith leochaileach i leith teipeanna sa bhonneagar digiteach. Ó tharlaíonn go mbíonn fuinneamh ag teastáil i dtaca leis an mbonneagar digiteach féin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí cuid de na gnóthachain éifeachtúlachta a fhritháireamh.

4.4. Baineann dúshláin le teacht chun cinn na ríomhaireachta candamaí a fhágann gur mó fós an baol atá ann do shláine an chórais fuinnimh ([8]). Tá muinín againn i gcónaí go bhfuil oibreoirí eangaí agus táirgeoirí móra fuinnimh ar an eolas faoina gciallaíonn sé sin dóibh, agus go bhfuil scileanna den scoth acu a chuirfidh ar a gcumas dul i ngleic leis an 'dúshlán candamach'. Ag an am céanna, má tharlaíonn go mbainfeadh gníomhaithe mailíseacha úsáid as an teicneolaíocht chumhachtach nua sin, d'fhéadfadh sé go bhfágfaí tomhaltóirí ar leibhéal an aonaid tomhaltais aonair gan chosaint.

4.5. Tá an t-uafás daoine ann nach bhfuil rochtain acu ar uirlisí digiteacha go fóill, in ainneoin na huirlisí sin a bheith ina bpríomhghnéithe de na beartais fuinnimh a d'eisigh an tAontas le déanaí. Ardaíonn sé seo ceist thábhachtach: an ciallmhar digiteáil a dhéanamh nuair nach bhfuil go leor fuinnimh inacmhainne ann i dtosach báire? Is gnách go mbíonn rochtain níos teoranta ag teaghlaigh fhuinneamhbhochta ar theicneolaíochtaí fuinnimh nua-aimseartha, lena n-áirítear ardréitigh dhigiteacha. Ar na cúiseanna atá leis sin, tá easpa eolais agus/nó scileanna, acmhainneacht infheistíochta theoranta, agus easpa spéise i measc gnólachtaí réitigh shonracha a sholáthar do theaghlaigh den sórt sin. Ba cheart díriú sna beartais fuinnimh ar a chinntiú go mbeidh na teicneolaíochtaí sin ar fáil do theaghlaigh fhuinneamhbhochta agus go mbeidh siad inghlactha acu, ós rud é go laghdódh sé sin an bille fuinnimh.

4.6. Chun an deighilt dhigiteach sin a laghdú, tá gá le gníomhaíocht faoi stiúir an tionscail: bheadh sé chun leasa na soláthraithe a áirithiú gurbh fhéidir le tomhaltóirí iad féin a chur in oiriúint do na próisis inmheánacha atá ag athrú agus do sheirbhísí nua gan aon stró; mar sin féin, ní bheifear in ann é sin a dhéanamh ach amháin má thuigeann na tomhaltóirí na buntáistí a bhaineann leis an idirghníomhaíocht dhigitithe. Is í an tsimplíocht an bealach chun cinn is fearr atá ann: má dhéantar na seirbhísí níos casta fós, rachaidh siad in abar mar ba mhó fós an drogall roimh rioscaí a bheadh ar na tomhaltóirí agus teicneolaíochtaí nua á nglacadh acu.

4.7. Dá bhrí sin, leagann CESE béim ar an ngá atá le cothroime agus cuimsitheacht a áirithiú trí dhearadh. I bhfianaise na deighilte digití, iarrann CESE go rachfaí i mbun gnímh chun réitigh agus ardáin dhigiteacha fuinnimh a dhéanamh inrochtana agus cuimsitheach do gach tomhaltóir, lena n-áirítear pobail leochaileacha. Is éard atá i gceist leis sin uirlisí digiteacha so-úsáidte a fhorbairt lena bhfreastalófar ar riachtanais éagsúla agus lena gcuirfear chun cinn rochtain chomhionann ar sheirbhísí digiteacha fuinnimh. In 2022, níor bhain ach duine as gach deichniúr san Aontas úsáid as teirmeastait, méadair fóntas, soilse, gléasanna plugála nó réitigh eile atá nasctha leis an idirlíon ina dteach féin chun fuinneamh a bhainistiú ([9]). Ba mhór ar fad an bhearna ó thír go tír san Aontas. San Ísiltír, mar shampla, bhí réitigh den sórt sin in úsáid ag nach mór dhá thrian den phobal, sin le rá réitigh atá nasctha leis an idirlíon chun fuinneamh a bhainistiú sa bhaile. Sa Rómáin agus sa Bhulgáir, áfach, is ar éigean a bhí na réitigh sin in úsáid acu in aon chor.

4.8. Cé go bhfuil an tsolúbthacht ar thaobh an éilimh tairbhiúil d'fheidhmiú na margaí fuinnimh i gcoitinne, is táirge rioscúil inti féin an tsolúbthacht sin sa chaoi go mbeadh ar thomhaltóirí, chun seirbhísí solúbthachta a chur i bhfeidhm ar leibhéal an teaghlaigh, clárú le haghaidh taraif chomhlúthach a bhaineann leis an margadh. Is é an baol a ghabhann leis sin go n-aistreodh luaineacht praghsanna go dtí leibhéal an teaghlaigh. Ós beag cumhacht chaibidlíochta a bhíonn ag tomhaltóirí in imthosca den sórt sin, má bhíonn cumhacht acu in aon chor, ba leochaileach i dtaobh turraingí praghsanna agus dálaí díobhálacha eile sa mhargadh a bheidís. Tugann CESE dá aire gur gá sásraí cúltaca a bheith i bhfeidhm, ar eagla go dtarlódh suaitheadh 'aonuaire' a mbeadh éifeachtaí tubaisteacha aige ar bhillí na dtomhaltóirí.

([8]) https://www.smart-energy.com/industry-sectors/cybersecurity/preparing-the-power-grid-for-future-quantum-cyberattacks/.
([9]) Eurostat, https://doi.org/10.2908/ISOC_IIOT_USE.

4.9. Tá CESE fós den tuairim go bhfuil ról ag deontais agus ag fóirdheontais dhíreacha maidir le tacú le teicneolaíochtaí digiteacha agus bonneagair digiteach a ghlacadh, ag céim luath an ghlactha ar a laghad. Ba cheart tacaíocht spriocdhírithe a thabhairt do na tíortha atá is faide ar gcúl maidir le glacadh digiteach chun dlús a chur le glacadh réiteach atá nasctha leis an idirlíon le haghaidh bainistiú fuinnimh agus le haghaidh an bhonneagair is gá. San am céanna, ba cheart neartú ar an ngrinnscrúdú a dhéantar ar na gníomhaithe margaidh sna tíortha sin chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh siad oibleagáidí an Aontais agus oibleagáidí náisiúnta ó thaobh na digiteála de.

4.10. Níl aon amhras ann ach go bhféadfadh tabhairt isteach teicneolaíochtaí nua agus réiteach digiteach cuidiú le coigilteas suntasach fuinnimh a dhéanamh agus solúbthacht a thabhairt maidir le héifeachtúlacht fuinnimh; san am céanna, áfach, nuair a bhíonn coigilteas tosaigh ann, d'fhéadfadh sé sin teacht aniar sa tomhaltas a spreagadh chomh maith ([10]). Tá CESE fós den tuairim gur féidir na héifeachtaí sin a íoslaghdú trí bhearta a thabhairt isteach chun gur fearr a bheidh fios a ngnó ag tomhaltóirí maidir le cúrsaí fuinnimh, sin agus trí leas a bhaint as cluichiú cliste, agus béim á leagan ar neamhthuilleamaíocht fuinnimh.

4.11. Ba cheart don earnáil fuinnimh dea-shampla a thabhairt agus rialacháin dhiana maidir le príobháideachas sonraí a chur chun feidhme chun faisnéis na dtomhaltóirí a chosaint agus chun muinín an phobail a chothú. Ba cheart tús áite a thabhairt do theicneolaíocht a chur ar fáil do ghrúpaí éagsúla agus do na daoine is imeallaithe. D'fhéadfaí boscaí gainimh rialála a (ath)dhearadh chun gníomhaíochtaí iad siúd a mbaineann úsáid astu a stiúradh, trí 'thástáil leochaileachta' riachtanach a thabhairt isteach chun na tairbhí a bhaineann leis an gcóras rialála maolaithe a uasmhéadú. Mar shampla, agus fearas nó gaireas tí 'cliste' á fhorbairt, is é an chéad ábhar imní a thagann chun cinn cé acu an mbeidh sé in ann cibirionsaí mailíseach a sheasamh i 'dtástáil tuairte' nó nach mbeidh. Ag an am céanna, áfach, ní mór comhéadain agus dearaí na ngaireas sin a bheith iomasach ar mhaithe lena áirithiú, sa chás is measa, go mbeadh fiú an t-úsáideoir is lú eolas in ann an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh a chur i gcrích agus na torthaí is measa a sheachaint.

4.12. Chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní eiticiúla a d'fhéadfadh eascairt as úsáid na hintleachta saorga agus mórshonraí san earnáil fuinnimh, tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí creataí diana earnáilsonracha a chur chun feidhme. Ba cheart béim a leagan sna creataí sin ar rialachas eiticiúil ar an intleacht shaorga agus ar mhórshonraí, d'fhonn a áirithiú go n-úsáidfí na teicneolaíochtaí sin ar bhealach a d'urramódh luachanna bunúsacha an duine agus cearta tomhaltóirí – mar atá beartaithe sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

4.13. Tá lánacmhainneacht na teicneolaíochta mórleabhar dáilte á baint amach diaidh ar ndiaidh a mhéid a bhaineann lena húsáidí praiticiúla sa saol laethúil. Is maith a aithníonn CESE a thábhachtaí atá an teicneolaíocht mórleabhar dáilte chun sonraí agus idirbhearta fuinnimh a dhaingniú, agus ar an gcaoi sin trédhearcacht agus muinín a chothú. Dá bhrí sin, tacaíonn sé go cúramach lena húsáid mhéadaithe in idirbhearta fuinnimh digiteacha. Tá gá le formhaoirseacht rialála agus coimircí láidre.

4.14. Is minic gurb iad a bhíonn thíos leis an deighilt dhigiteach agus an deighilt fuinnimh iad siúd a bhfuil stair fhada bochtaineachta sna glúnta a tháinig rompu agus iad siúd atá thíos le neamhionannas deiseanna. Ba cheart cloí le prionsabail an aistrithe chóir agus uirlisí airgeadais á n-úsáid chun an dúshlán sin a mhaolú. Téama lárnach san aistriú digiteach cóir is ea an gá le tacaíocht a chur ar fáil do na hearnálacha agus do na hoibrithe sin a bhfuil difear diúltach á dhéanamh dóibh mar gheall ar shuaitheadh a bhaineann leis an digiteáil. Ní mór tacaíocht den sórt sin, i bhfoirm cláir athoiliúna agus cúnamh airgeadais, a dhíriú ar na daoine is leochailí ar dtús, agus ní mór a áirithiú nach gcruthófaí míchothromaíochtaí nua mar chuid de sin. Tá súil leis go gcuirfidh na hAcadaimh Ghlan-nialasachta ([11]) oiliúint ar 100 000 foghlaimeoir laistigh de thrí bliana ón uair a bhunófar iad. Beidh ar na hAcadaimh sin, nár bunaíodh go fóill, aird a thabhairt ar dhigiteáil na hearnála fuinnimh, agus ar na tairbhí soiléire a bhaineann leis sin don éifeachtúlacht fuinnimh, i measc rudaí eile.

4.15. D'fhéadfadh tionchar na 'deighilte digiteála fuinnimh' sin a bheith ní ba leithne ná mar a bheifí ag súil leis ar an gcéad amharc. D'fhéadfadh sé nach mbeadh na tomhaltóirí atá fágtha ar imeall dhigiteáil an fhuinnimh in ann leas a bhaint as na deiseanna nua agus páirt éifeachtach a ghlacadh i bpróiseas an aistrithe fuinnimh. Tá deighilt ag teacht idir na tomhaltóirí ar 'ardtomhaltóirí' nó ar táirgeoirí is tomhaltóirí iad ar thaobh amháin agus na 'tomhaltóirí traidisiúnta' ar an taobh eile agus, dá bharr sin, d'fhéadfadh sé tarlú go bhfágfaí an sciar is airde de na costais a bhaineann leis an gcóras fuinnimh faoi na tomhaltóirí is leochailí. Sa chás sin, bheadh an t-aistriú fuinnimh éagórach agus cúlchéimnitheach. Tá gá le raon leathan beart chun cuimsiú iomchuí tomhaltóirí a áirithiú, amhail dearadh cuimsitheach agus bearta inacmhainneachta, á chur san áireamh nach í an digiteáil an sprioc inti féin.

4.16. Cé gur féidir le huirlisí intleachta saorga tacú le hobair rialtóirí, comhlachtaí um réiteach malartach díospóidí agus eagraíochtaí tomhaltóirí trí phatrúin agus easnaimh a shainaithint maidir le cearta tomhaltóirí a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, níl na huirlisí sin gan locht. Ba cheart an teidlíocht a bheith ann i gcónaí do thomhaltóirí go ndéanfadh duine formhaoirseacht ar chúrsaí digiteála, chun cleachtais na ngníomhaithe fuinnimh agus digiteacha a sheiceáil agus faireachán a dhéanamh orthu.

4.17. Iarrann CESE ar an Aontas Eorpach ról ceannaireachta a ghlacadh i bhforbairt caighdeán idirnáisiúnta do na tomhaltóirí maidir leis an digiteáil i réimse an fhuinnimh. Le deis a dhéanamh de na bagairtí atá ann ar fud an domhain, ní mór súil ghéar a choinneáil ar réigiúin eile féachaint cad iad na dea-chleachtais atá acu agus féachaint an féidir iad a oiriúnú don chomhthéacs Eorpach ar thaobh amháin agus iad a chur chun cinn ar bhonn níos forleithne go hidirnáisiúnta ar an taobh eile. Sna hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Aontas chun na caighdeáin is airde cosanta tomhaltóirí a bhaint amach, ba cheart díriú ar chomhoibriú domhanda a chothú chun cur chuige aontaithe a chruthú maidir le cearta agus oibleagáidí na dtomhaltóirí ó thaobh cúrsaí digiteála de.

([10]) https://www.sciencedirect.com/science/article/pii/S2214629620302334.
([11]) The Net-Zero Industry Act: Accelerating the transition to climate neutrality.

4.18. Chun an sprioc sin a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach comhoibriú le príomh-chomhpháirtithe amhail an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA), an Coimisiún Idirnáisiúnta Leictriteicniúil (IEC) agus an Global Smart Energy Federation (GSEF). Tá léargais agus tacaíocht luachmhar ag na heagraíochtaí sin a d'fhéadfaidís a thabhairt chun caighdeáin chuimsitheacha nach bhfágfaí aon duine ar gcúl iontu a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar riachtanais na dtomhaltóirí fuinnimh dhigitigh ar fud an domhain. Má bhunaíonn an tAontas comhar den sórt sin, d'fhéadfadh sé a bheith ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí chun rialacháin a chomhchuibhiú, cosaint tomhaltóirí a fheabhsú agus cleachtais inbhuanaithe fuinnimh a chur chun cinn sa domhan trí chéile.

An Bhruiséil, 11 Iúil 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE